



Council of the
European Union

091619/EU XXVII. GP
Eingelangt am 28/02/22

Brussels, 28 February 2022

6689/1/22
REV 1

JUR 116
CORLX 203
CFSP/PESC 285
RELEX 273
COEST 137
FIN 259

LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF

Subject: Council Implementing Regulation implementing Regulation (EU) No 269/2014 concerning restrictive measures in respect of actions undermining or threatening the territorial integrity, sovereignty and independence of Ukraine
(ST 6630/1/22 REV1 (en), 27 February 2022)

LANGUAGES concerned: **GA, PT**

PROCEDURE APPLICABLE (according to Council document R/2521/75):

— Procedure 2(b) (obvious errors in a number of language versions)

TIME LIMIT for the observations by Member States: Today, Monday 28 February, 18:30

This REV 1 of the Corrigendum/Rectificatif concerns only the GA language version.

OBSERVATIONS to be notified to: dql.rectificatifs@consilium.europa.eu
(DQL RECTIFICATIFS (JUR 7), Directorate Quality of Legislation, Legal Service)

CEARTÚCHÁN

ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/... ón gComhairle an ... lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 269/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin
(ST 6630/1/22 REV1 (en), 27 Feabhra 2022)

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 269/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin¹, agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

¹ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.
- (3) Sna conclúidí uaithi an 24 agus an 25 Meitheamh 2021, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Rúis freagracht a ghlacadh go hiomlán as cur chun feidhme iomlán Chomhaontuithe Mhionsc a áirithiú mar an príomhchoinníoll le haghaidh aon athrú suntasach ar sheasamh an Aontais. Chuir sí i bhfios go láidir gur gá freagairt láidir chomhordaithe ón Aontas agus óna Bhallstáit ar aon ghníomhaíocht mhailíseach, neamhdhleathach, shuaiteach bhreise a dhéanfadh an Rúis, agus leas iomlán á bhaint as na hionstraimí uile atá ar fáil don Aontas, agus comhordú á áirithiú leis na comhpháirtithe. Chuige sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freisin, roghanna a chur i láthair maidir le bearta sriantacha breise, lena n-áirítear smachtbhannaí eacnamaíocha.
- (4) Sna conclúidí uaithi an 16 Nollaig 2021, chuir an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a phráinní atá sé go mbainfeadh an Rúis an lasair den bharrach atá ann de bharr an tóstail mhíleata feadh teorainn na Rúise leis an Úcráin agus de bharr na reitriche ionsaithí. D'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn an Chomhairle Eorpach go hiomlán le ceannasacht agus le hiomláine chríochach na hÚcráine. Agus an Chomhairle Eorpach ag moladh go ndéanfaí iarrachtaí taidhleoireachta agus ag tacú le formáid na Normainne mar bhealach chun cur chun feidhme iomlán Chomhaontuithe Mhionsc a bhaint amach, luaigh an Chomhairle Eorpach go mbeadh iarmhairtí ollmhóra agus costais throma ann mar fhreagairt ar aon fhogha míleata eile a thabharfaí faoin Úcráin, lena n-áirítear bearta sriantacha arna gcomhordú lena gcomhpháirtithe.

- (5) An 24 Eanáir 2022, d’fhormheas an Chomhairle conclúidí inar cháin sí gníomhaíochtaí agus bagairtí foghacha leanúnacha na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus inar iarr sí ar an Rúis an lasóg a bhaint den bharrach, cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus páirt chuiditheach a ghlacadh in idirphlé trí na sásraí idirnáisiúnta atá bunaithe. D’athdhearbhaigh an Chomhairle tiomantas iomlán an Aontais do na croíphrionsabail ar a bhfuil slándáil na hEorpa bunaithe, agus atá cumhdaithe i gCairt na Náisiún Aontaithe agus i ndoiciméid bhunaitheacha na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, lena n-áirítear Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus Cairt Pháras. Áirítear leis na croíphrionsabail sin go háirithe comhionannas ceannasach agus iomláine chríochach Stát, dosháraitheacht na dteorainneacha, staonadh ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid, agus saoirse Stát a socruithe slándála féin a roghnú nó a athrú. Luaigh an Chomhairle nach bhfuil na prionsabail sin inchaibidle ná faoi réir athbhreithniú ná athléiriú, agus gur bac é sárú na Rúise ar spás slándála coiteann agus doroinnte san Eoraip, agus go gcuireann sé an tsíocháin agus an chobhsaíocht ar an mór-roinn seo againne i mbaol. Á mheabhrú di na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 16 Nollaig 2021, d’athdhearbhaigh an Chomhairle go n-eascródh iarmhairtí ollmhóra agus costais thromchúiseacha as aon fhogha míleata breise a dhéanfadh an Rúis ar an Úcráin, agus go n-áirítear air sin réimse leathan beart sriantach ar earnálacha agus ar dhaoine aonair a ghlacfaí i gcomhar le comhpháirtithe.
- (6) An 19 Feabhra 2022, d’eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais inar léiríodh gur cúis imní é tóstail ollmhór fhórsaí armtha na Rúise san Úcráin agus thart ar an Úcráin, agus thathantaigh sé ar an Rúis páirt a ghlacadh in idirphlé fóna agus i dtaidhleoireacht, guaim a choinneáil uirthi féin agus an lasóg a bhaint den bharrach trí go leor fórsaí míleata a tharraingt siar ó theorainneacha na hÚcráine. Luaigh an tAontas go mbeadh iarmhairtí ollmhóra agus costais throma ann mar fhreagairt ar aon fhogha míleata eile a thabharfadh an Rúis faoin Úcráin, lena n-áirítear bearta sriantacha arna gcomhordú lenár gcomhpháirtithe.

- (7) An 21 Feabhra 2022, shínigh Uachtarán Chónaidhm na Rúise foraithe ina n-aithnítear ‘neamhspleáchas agus ceannasacht’ limistéir réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht an rialtais, agus d’ordaigh sé fórsaí armtha na Rúise isteach sna limistéir sin.
- (8) An 22 Feabhra 2022, d’eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh an ghníomhaíocht neamhdhleathach sin, lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a thuilleadh agus is sárú tromchúiseach í ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chomhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe, Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí, Cairt Pháras agus Meabhrán Bhúdaipeist, chomh maith le Comhaontuithe Mhionsc agus Rún 2202 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. D’áitigh an tArdionadaí ar an Rúis, mar pháirtí sa choinbhleacht, an t-aitheantas sin a aisiompú, seasamh lena gealltanais, cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus filleadh ar an bplé faoi chuimsiú fhormáid na Normainne agus an Ghrúpa Teagmhála Thríthaobhaigh. D’fhógair sé go bhfreagródh an tAontas do na sárúithe is déanaí sin ag an Rúis trí bhearta breise sriantacha a ghlacadh mar ábhar práinne.
- (9) An 24 Feabhra 2022, d’fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine an t-ionsaí sin.

- (10) An 24 Feabhra 2022, d’eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh go fóirghéar an t-ionradh ar an Úcráin a rinne fórsaí armtha de chuid Chónaidhm na Rúise agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha sin faoin Úcráin. Chuir an tArdionadaí in iúl go n-áireofar ar fhreagairt an Aontais bearta sriantacha earnálacha agus bearta sriantacha aonair araon.
- (11) An 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go neamhbhalbh an fogha míleata atá tugtha ag an Rúis gan chúis gan údar faoin Úcráin. Leis na gníomhaíochtaí mídhleathacha míleata atá ar siúl aici, tá an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á sárú go trom ag an Rúis agus tá an bonn á bhaint aici de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Tháinig an Chomhairle Eorpach, i ndlúthchomhar lena comhpháirtithe agus lena comhghuaillithe ar chomhaontú maidir le bearta sriantacha breise a mbeidh iarmhairtí ollmhóra tromchúiseacha i gceist leo maidir leis an Rúis de bharr an ngníomhaíochtaí atá déanta aici.
- (12) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 26 duine agus eintiteas amháin a chur ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 269/2014.
- (13) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear na daoine a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

1. Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
'671	Igor Ivanovich SECHIN (Игорь Иванович СЕЧИН)	Dáta breithe: 7.9.1960 Áit bhreithe: Leningrad, USSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúisis Inscne: Fireann	Is é Igor Sechin Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Rosneft, cuideachta ola stáit de chuid na Rúise agus ceann de na táirgeoirí amhola is mó ar domhan. Tá sé ar cheann de na comhairleoirí is iontaofa agus is gaire atá ag Vladimir Putin, agus is cara pearsanta leis é chomh maith. Bhí sé i dteagmháil le hUachtarán na Rúise ar bhonn laethúil. Meastar go bhfuil sé ar cheann de na baill is cumhachtaí de scothaicme pholaitiúil na Rúise. Naisc fhada dhoimhne atá aige le Vladimir Putin. D'oibrigh sé leis an Uachtarán in oifig an mhéara in St Petersburg sna 1990í agus tá a dhílseacht cruthaithe aige ó shin i leith. Rinneadh LeasCheann ar rialtas Vladimir Putin d'Igor Sechin in 1999, Leas-Phríomh-Aire in 2008, agus POF Rosneft in 2012. Tá sé ar dhuine de na holagarcaí Rúiseacha a bhíonn ag feidhmiú i gcomhpháirtíocht le stát na Rúise.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Tá sé ar dhuine díobh siúd as comhluadar Putin a fhaigheann gnóthachain airgeadais agus poist thábhachtacha as a bheith umhal agus dílis. Leag an tUachtarán cúraimí tábhachtacha deacra air agus bronnadh ceannaireacht Rosneft agus saibhreas mór air. Bhí baint ag Rosneft, agus é faoi stiúir Igor Sechin, le maoiniú a dhéanamh ar na fíonghoirt a ghabhann leis an bpálás atá i ngar do Gelendzhik, a mheastar a bheith in úsáid go pearsanta ag an uachtarán Putin. Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach – go hábhartha nó le hairgead – agus bhain sé tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as nasc-ghabháil na Crimé nó as díchobhsú Oirthear na hÚcráine. Ina theannta sin, déanann Rosneft Aero, fochuideachta de chuid Rosneft arb é Igor Sechin is POF uirthi, breosla eitlíochta a sheachadadh chuig Aerfort Simferopol a chuireann nasc eitilte ar fáil chuig an Rúis as críoch na Crimé, agus Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le comhdhlúthú leithinis na Crimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn tuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
672.	Nikolay Petrovich TOKAREV (Николай Петрович ТОКАРЕВ)	Dáta breithe: 20.12.1950 Áit bhreithe: Karaganda, Kazakh SSR (An Chasacstáin anois)	Is é Nikolay Tokarev POF Transneft, cuideachta mhór ola agus gáis de chuid na Rúise. Tá seanaithne ag Vladimir Putin air agus is dlúthchomhlach leis é. D'fhóin sé le Putin sa KGB sna 1980í. Tá Nikolay Tokarev ar dhuine de na holagarcaí stáit sin de chuid na Rúise a ghlac smacht ar shócmhainní móra stáit sna 2000í de réir mar a chomhdhlúthaigh an tUachtarán Putin a chuid cumhachta, agus a oibríonn i ndlúthchomhpháirtíocht le stát na Rúise. Is é Nikolay Tokarev ata i gceannas ar Transneft, ceann de na cuideachtaí rialtais is tábhachtaí sa Rúis, cuideachta a iompraíonn méid suntasach d'ola na Rúise trí líonra dea-fhorbartha de phíblínte ola. Tá Transneft, faoi stiúir Nikolay Tokarev, ar cheann de phríomhurraitheoirí atá ag an bpálás atá i ngar do Gelendzhik, a mheastar a bheith in úsáid go pearsanta ag an uachtarán Putin. Baineann sé tairbhe as a ghaireacht d'údaráis na Rúise. Shaibhrigh gaolta agus lucht aitheantais Nikolay Tokarev iad féin a bhuíochas le conarthaí a síníodh le cuideachtaí atá faoi úinéireacht stáit. Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach – go hábhartha nó le hairgead – agus bhain sé tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as nasc-ghabháil na Crimé nó as díchobhsú Oirthear na hÚcráine.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
673.	Alisher USMANOV (Russian: Алишер Бурханович Усманов; Uzbek: Alisher USMONOV)	Dáta breithe: 9.9.1953 Áit bhreithe:: Chust, Uzbek SSR, Soviet Union Feidhm: Olagarc Rúiseach	Is olagarc pro-Kremlin é Alisher Usmanov le dlúthnaisc leis an Uachtarán Vladimir Putin. Tagraíodh dó mar cheann de na holagarcaí is ansa le Vladimir Putin. Meastar go bhfuil sé ar dhuine d'oifigigh ghnó na Rúise, ar cuireadh de chúram orthu freastal ar shreabha airgeadais, ach is ar thoil an Uachtaráin a bhraitheann a bpoist. Tuairiscítear gur ghníomhaigh Alisher Usmanov thar cheann Uachtarán Putin agus réitigh sé a chuid fadhbanna gnó. De réir chomhaid FinCEN d'íoc sé \$6 milliún le Valentin Yumashev, comhairleoir cumhachtach Vladimir Putin. Bhain Dmitry Medvedev, Leas-Chathaoirleach an Security Council of Russia agus iar-Uachtarán agus iar-Phríomh-Aire na Rúise, tairbhe as úsáid phearsanta tithe cónaithe sómasacha faoi rialú Alisher Usmanov. Dá bhrí sin, thug sé tacaíocht ábhartha nó airgeadais go gníomhach do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as nasc-ghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Tá leasanna ag Alisher Usmanov i gcuideachtaí amhiarainn agus cruaike, meán agus an idirlín. Is é an fathach cruaike Metalloinvest an gabháltas is mó aige. Nuair a ghlac Alisher Usmanov ceannas ar Kommersant, nuachtán laethúil gnó, cuireadh srian ar shaoirse na foirne eagarthóireachta agus ghlac an nuachtán seasamh follasach ar son an Kremlin. D'fhoilsigh Kommersant, faoi úinéireacht Alisher Usmanov, alt bolscaireachta frith-Úcránach le Dmitry Medvedev, inar áitigh iar-Uachtarán na Rúise nach raibh aon chiall le páirt a ghlacadh i gcainteanna le húdaráis reatha na hÚcráine, a bhí, dar leis, faoi rialú díreach coigríche. Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le beartais rialtas na Rúise maidir le díchobhsú na hÚcráine.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
674.	Petr Olegovich AVEN (Пётр Олегович АВЕН)	Dáta breithe: 16.3. 1955 Áit bhreithe:: Moscó, Cónaidhm na Rúise Feidhm: Oligarch a bhfuil dlúthcheangal aige le Vladimir Putin. Duine de phríomh-scairshealbhóirí Ghrúpa Alfa Inscne: Fireann	Tá Petr Aven ar cheann de na holagarcaí is gaire do Vladimir Putin. Is scairshealbhóir tábhachtach é de chuid Alfa Group, lena n-áirítear ceann de bhainc mhóra na Rúise, Alfa Bank. Tá sé ar cheann de thart ar 50 fear saibhir gnó ón Rúis a bhuaileann go rialta le Vladimir Putin sa Kremlin. Ní fheidhmíonn go neamhspleách ar éilimh an Uachtaráin. Téann a chairdeas le Vladimir Putin siar go dtí go luath sna 1990í. Nuair a bhí sé mar Minister of Foreign Economic Relations, chabhraigh sé le Vladimir Putin, arbh é leas-mhéara St. Petersburg an tráth sin, maidir le himscrúdú an Sal'ye Commission. Tuigtear gur dlúthchara pearsanta é le príomhfheidhmeannach Rosneft, Igor Sechin, comhghuaillí barrthábhachtach Putin. Bhí tionscadal carthanachta, Alfa-Endo, faoi stiúir an iníon is sine le Vladimir Putin, Maria, a bhí maoinithe ag Alfa Bank. Bhain an Petr Aven tairbhe as a naisc rialtais. Scríobh sé litir chuig Vladimir Putin ag gearán faoi chinneadh an Moscow Arbitration Court sa chás dlí a bhain le leasanna i dtaca le gnólacht de chuid Petr Aven. Thug Vladimir Putin treoir don Prosecutor General of Russia an chás a imscrúdú. Thug Vladimir Putin luach saothair do dhílseacht Alfa Group d'údarais na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta coigríche Alfa Group.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Bhí Petr Aven agus a chomhpháirtí gnó Mikhail Fridman i mbun iarrachtaí an Kremlin deireadh a chur le smachtbhannaí an Iarthair a eisíodh chun beartas foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chomhrac. In 2016 thug Vladimir Putin rabhadh do Petr Aven mar gheall ar bhféidearthacht go bhforchuirfeadh na Stáit Aontaithe smachtbhannaí breise ar Aven agus/nó ar Alfa-Bank agus mhol sé gur ghá dó bearta a dhéanamh chun é féin agus Alfa-Bank a chosaint, moladh a chomhlíon Petr Aven. In 2018, thug Petr Aven cuairt ar Washington DC, in éineacht le Mikhail Fridman, ar misean neamhoifigiúil chun teachtaireacht rialtas na Rúise a chur in iúl faoi smachtbhannaí na Stát Aontaithe agus faoi fhrith-smachtbhannaí ó Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach – go hábhartha nó le hairgead – agus bhain sé tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as nasc-ghabháil na Crimé nó as díchobhsú Oirthear na hÚcráine. Thacaigh sé freisin le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
675.	Mikhail Maratovich FRIDMAN (Миха́йл Ма́ратович ФРИ́ДМАН)	Dáta breithe: 21.4.1964 Áit bhreithe: Lviv, Cónaidhm na Rúise Inscne: Fireann	Is é Mikhail Fridman bunaitheoir agus duine de na scairshealbhóirí is mó de chuid Alfa Group, lena n-áirítear mórbhanc na Rúise, Alfa Bank. D'éirigh leis naisc láidir a chothú le rialtas Vladimir Putin, agus tagraíodh dó mar an airgeadaí is mó sa Rúis agus mar áisitheoir dhlúthchiorcal Putin. D'éirigh leis sócmhainní stáit a fháil trí naisc rialtais. Bhí tionscadal carthanachta, Alfa-Endo, faoi stiúir an iníon is sine le Vladimir Putin, Maria, a bhí maoinithe ag Alfa Bank. Thug Vladimir Putin luach saothair do dhílseacht Alfa Group d'údaráis na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta coigríche Alfa Group. Tá páirt á glacadh ag Fridman agus a chomhpháirtí gnó Petr Aven in iarrachtaí na Creimile deireadh a chur le smachtbhannaí an Iarthair a eisíodh chun beartas foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chomhrac. In 2018, thug Fridman cuairt ar Washington DC, in éineacht le Aven, ar misean neamhoifigiúil chun teachtaireacht rialtas na Rúise a chur in iúl faoi smachtbhannaí na Stát Aontaithe agus faoi fhrith-smachtbhannaí ó Chónaidhm na Rúise	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach – go hábhartha nó le hairgead – agus bhain sé tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as nasc-ghabháil na Crimé nó as díchobhsú Oirthear na hÚcráine. Thacaigh sé freisin le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	
676.	Sergei Pavlovich ROLDUGIN (Сергей Павлович РОЛДУГИН)	DOB: 28.9.1951 POB : Sakhalin Oblast Cellist Function : businessman, close friend of Vladimir Putin.	Is fear gnó é Roldugin agus tá dlúthcheangal aige le Vladimir Putin. Tá sé mar chuid de líonra airgeadais Putin. Tá ar a laghad 5 eintiteas amach ón gcósta faoi úinéireacht aige agus coimeádann sé a chuid sócmhainní in Bank Rossiya (faoi smachtbhannaí ag an Aontas), ar a dtugtar “Sparán Putin” i Moscó. De réir an imscrúdaithe a rinne Cuibhreannas Idirnáisiúnta d’Iriseoirí Iniúchacha (ICIJ), tá an Roldugin freagrach as ar a laghad 2 bhilliún USD a atheagrú trí bhainc agus trí chuideachtaí amach ón gcósta mar chuid de líonra airgeadais rúnda Putin. Ghlac sé páirt freisin in “Troika Laundromat”, agus threoraigh sé na billiúin USD tríd an gcóras. Thairis sin, fuair sé níos mó ná 69 milliún USD trí chuideachtaí laistigh den “Troika Laundromat”. Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach, go hábhartha nó le hairgead, le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as nasc-ghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
677.	Dmitry Sergeyevich PESKOV (Дмитрий Сергеевич ПЕСКОВ)	Dáta breithe: 17.10.1967 Áit bhreithe:: Moscó, Cónaidhm na Rúise Inscne: Fireann	Is é Dmitri Peskov preasrúnaí Uachtarán Putin. Chosain sé go poiblí beartas ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear ionghabháil mhídhleathach na Crimé agus Sevastopol ag Cónaidhm na Rúise. I ráitis éagsúla, chuir sé i bhfios go láidir gur dlúthchuid den Rúis iad críoch na Crimé agus críoch Sevastopol, agus nach féidir leis an Úcráin an chríoch sin a aisghabháil. Éileamh críche i gcoinne na Rúise a thug sé ar ghníomhaíochtaí na hÚcráine a raibh sé mar aidhm leo deireadh a chur le forghabháil Rúise i Leithinis na Crimé. Chuir sé a thuairim in iúl nach féidir caibidlíocht a dhéanamh le húdaráis na hÚcráine, agus chuir sé i bhfios nach measann taobh na Rúise gur comhpháirtí iad. Dúirt sé, d'ainneoin na fírinne, nach raibh aon trúpaí de chuid na Rúise in Donbass. Chuir sé in iúl freisin nach bhfuil aon fhíor-éifeacht ag smachtbhannaí an Iarthair ar an Rúis. Bhagair sé go n-eiseodh an Rúis frithsmachtbhannaí mar fhreagra. Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
678.	Dmitry Nikolaevich CHERNYSHENKO (Дмитрий Николаевич ЧЕРНЫШЕНКО)	Dáta breithe: 20.9.1968 Áit bhreithe:: Saratov, Russia Feidhm: Leas- Phríomh-Aire na Rúise atá freagrach as Turasóireacht, Spórt, Cultúr agus Cumarsáid Comhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways Inscne: Fireann	Is é Dmitry Chernyshenko Leas- Phríomh-Aire na Rúise atá freagrach as Turasóireacht, Spórt, Cultúr agus Cumarsáid agus tá sé ina Chomhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways, arna cheapadh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise sa phost seo. I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Rúis tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. Rinne Fórsaí Armtha na Rúise freachnaimh mhíleata ar scála mór ansin. Mar thoradh air sin, géaraíodh ar an gcoinbhleacht agus cuireadh brú díchobhsaitheach ar an Úcráin. Iompraíodh pearsanra míleata agus trealamh míleata de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise go dtí na limistéir gar do theorainn na hÚcráine ag Russian Railways, a bhfuil Chernyshenko ina chomhalta den Bhord Stiúrthóirí. An 24 Feabhra 2022, thug an Rúis fogha míleata iomlán faoin Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht nó shlándaíl na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
679.	Irek Envarovich FAIZULLIN (Ирек Энварович ФАЙЗУЛЛИН)	Dáta breithe: 8.12.1962 Áit bhreithe:: Kazan, USSR, Russian Federation anois Feidhm: Comhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways. Minister of Construction and Housing Chónaidhm na Rúise. Inscne: Fireann	Is é Irek Faizullin Minister of Construction and Housing na Rúise agus tá ina Chomhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways, arna cheapadh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise sa phost sin. I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Rúis tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. Rinne Fórsaí Armtha na Rúise freachnaimh mhíleata ar scála mór ansin. Mar thoradh air sin, géaraíodh ar an gcoinbhleacht agus cuireadh brú díchobhsaitheach ar an Úcráin. Iompraíodh pearsanra míleata agus trealamh míleata de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise go dtí na limistéir gar do theorainn na hÚcráine ag Russian Railways, a bhfuil Faizullin ina chomhalta den Bhord Stiúrthóirí. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
680.	Vitaly Gennadyevich SAVELYEV (Виталий Геннадьевич САВЕЛЬЕВ)	DOB: 18.1.1954 POB: Tashkent, Uzbekistan Function: Member of the Board of Directors of the Russian Railways. Minister of Transport of Russia since 2020, former CEO of Aeroflot	Is é Vitaly Savelyev Minister of Transport Chónaidhm na Rúise agus tá sé ina Chomhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways, arna cheapadh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise don phost seo. Is iar-Phríomhfheidhmeannach Aeroflot é. I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Rúis tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. Rinne Fórsaí Armtha na Rúise freachnaimh mhíleata ar scála mór ansin. Mar thoradh air sin, géaraíodh ar an gcoinbhleacht agus cuireadh brú díchobhsaitheach ar an Úcráin. Iompraíodh pearsanra míleata agus trealamh míleata Fórsaí Armtha na Rúise go dtí na limistéir gar do theorainn na hÚcráine ag Russian Railways, a bhfuil Savelyev ina chomhalta den Bhord Stiúrthóirí.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Anuas air sin, chuir Aeroflot, faoi cheannaireacht Savelyev, aeriompar paisinéirí rialta idir aerfoirt na Rúise agus aerfort idirnáisiúnta Simferopol ar fáil, agus dá bhrí sin, thacaigh sé le comhdhlúthú leithinis na Crimé a rinneadh a iongabháil go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhain an bonn a thuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
681.	Andrey Anatolyevich TURCHAK (ТУРЧАК, Андрей Анатольевич)	Dáta breithe: 20.12.1975 Áit bhreithe: Leningrad, USSR (Russian Federation anois) Feidhm: Rúnaí chomhairle ginearálta an pháirtí United Russia An chéad leaschainteoir ar an Federation Council.	Tá Andrey Turchak ina rúnaí ar General Council pháirtí United Russia agus is é an chéad leaschainteoir ar an Federation Council é. Baineann a rath polaitiúil lena athair, Anatoly Turchak, a fuair oiliúint júdó le Vladimir Putin agus le deartháireacha Rotenberg. Chuir sé dearcadh dearfach chun cinn maidir le haitheantas a thabhairt do na ‘Daonphoblachtaí’ scarúnaíocha, Donetsk agus Luhansk, mar a thugtar orthu. D’iarr sé ar údarais na Rúise ard-armáin a chur ar fáil do na fórsaí scarúnaíocha atá ar son na Rúise i réigiún Donbas. Dúirt sé go poiblí nach raibh sé indéanta coimhlínt Donbas a réiteach ar bhealach síochánta le húdarais na hÚcráine. Mhaígh sé gan bhunús go raibh ionsaí míleata beartaithe ag an Úcráin in Donbas. Chuaigh sé i mbun caibidlíochta le Denis Pushilin, ceannaire an réigiúin scarúnaíoch, ‘Daon-Phoblacht Donetsk’. Thug sé cuairt ar phointe slógaidh de chuid na bhfórsaí armtha scarúnaíocha i limistéar túslíne Donbass chun comhghairdeas a dhéanamh go pearsanta le saighdiúirí an réigiúin scarúnaíoch, ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a thugtar uirthi, ar ‘Defender of the Fatherland Day’. Chosain sé go poiblí cinneadh na Rúise ‘poblachtaí’ scarúnaíocha Donbas a aithint. Dúirt sé gur cuma leis an Rúis faoi smachtbhannaí an Iarthair.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, tá sé freagrach go gníomhach as tacú le gníomhaíochtaí nó as beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.	
682.	Tigran Edmondovich KEOSAYAN (Тигран Эдмондович КЕОСАЯН)	Dáta breithe: 4.1.1966 Áit bhreithe: Moscow, Russia Feidhm: Aisteoir agus stiúrthóir, láithreoir an chlár teilifíse bolscaireachta 'International Sawmill with Tigran Keosayan' maidir le cúrsaí polaitíochta ar chainéal NTV.”.	Is stiúrthóir scannán agus iriseoir é Tigran Keosayan a scaip an bholscaireacht fhrith-Úcráine ar mheáin na Rúise. Ar a chlár teilifíse stát-chistithe 'International Sawmill with Tigran Keosayan', léirigh sé i rith an ama an Úcráin mar thír lag éillitheach, a coinníodh ar bun a bhuíochas le cabhair an Iarthair. Mhaígh sé nach raibh údarais na hÚcráine dlisteanach. Dúirt sé arís agus arís eile gur leis an Rúis an Chrimé, agus nach raibh Donbas mar chuid den Úcráin. Ghlac Tigran Keosayan páirt san fhóram 'Russian Donbas' a d'eagraigh údarais 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a thugtar uirthi, in Donetsk agus é mar aidhm leis sin teagasc 'Russian Donbas' a scaipeadh. Chuir sé i leith na hÚcráine go poiblí gur ghéaraigh sí an choinbhleacht. Dá bhrí sin, tá sé freagrach go gníomhach as tacú le gníomhaíochtaí nó as beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Fuair an clár teilifíse ‘International Sawmill with Tigran Keosayan’ cistiú ó na cuideachtaí Rúiseacha atá faoi úinéireachta an stáit, a bhí gan údar ar fhorais tráchtála, ach bronnadh mar dhuais é do Tigran Keosayan as a chuid iarrachtaí bolscaireachta agus as a dhílseacht do Vladimir Putin. Stiúir Tigran Keosayan an scannán bolscaireachta ‘The Crimean Bridge. Made with Love!’, inar moladh Droichead na Crimé lena nasctar críoch Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach leis an Rúis. Dúradh go ndearnadh an scannán mar fhéirín don uachtarán Putin. Chabhraigh Alexei Gromov, an chéad Leas-cheannaire ar riarachán na huachtaránachta, lena áirithiú go bhfuair an scannán cistiú ón stát, agus dá thoradh sin, bhain Tigran Keosayan brabús airgeadais amach as. Dá bhrí sin, bhain sé tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
683.	Olga Vladimirovna SKABEYEVA (Ольга Владимировна СКАБЕЕВА)	Dáta breithe: 11.12.1984 Feidhm: Comhbhunaitheoir agus príomheagarthóir na tairsí REGNUM; Áit bhreithe: Volzhsky, Russia Feidhm: Iriseoir de chuid an stáisiúin teilifíse Rossiya-1, atá faoi úinéireacht an stáit, i gceannas ar an gclár cainte polaitiúil '60 Minutes' (in éineacht lena fear céile Yevgeniy Popov) – an clár cainte is mó tóir sa Rúis) Inscne: Baineann	Is iriseoir í Olga Skabeyeva ar an stáisiún teilifíse Rossiya-1, atá faoi úinéireacht an stáit. In éineacht lena fear céile Yevgeniy Popov, tá sí ina óstach ar an gclár cainte polaitiúil is mó sa Rúis, '60 Minutes', áit a bhfuil bolscaireacht fhrith-Úcráine scaipthe aici, agus inar chuir sí dearcadh dearfach i leith ionghabháil na Crimé agus ghníomhaíochtaí na scarúnaithe in Donbas chun cinn Ar a clár teilifíse, léirigh sí i rith an ama an staid san Úcráin ar bhealach claonta, agus gur stát bréagach í an tír, a choinníonn an tIarthar ar bun ó thaobh an mhíleata agus airgeadais de agus dá bhrí sin – gur satailít agus uirlis de chuid an Iarthair i lámha ECAT í. Rinne sí beag freisin de ról na hÚcráine in 'frith-Rúis nua- aimseartha'. Thairis sin, is minic a thug sí cuireadh d'aíonna amhail Eduard Basurin, Preas-Rúnaí Ceannais Mhíleata 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a thugtar uirthi, nó Denis Pushilin, ceannaire 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a thugtar uirthi. Chuir sí an ruaig ar aoi nár chloígh le línte insinte bholscaireachta na Rúise, amhail idé- eolaíocht 'Russian World'. Is cosúil go dтуigeann Olga Skabeyeva go bhfuil ról ciniciúil aici i meaisín bolscaireachta na Rúise, in éineacht lena fear céile. Dá bhrí sin, tá sí freagrach go gníomhach as tacú le gníomhaíochtaí nó as beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
684.	Alexander PONOMARENKO (Александр Анатольевич ПОНОМАРЕНКО)	Dáta breithe: 27.10. 1964 Áit bhreithe: Bilohirsk, Ukrainian SSR Feidhm: Olagarc Rúiseach, Cathaoirleach Bhord Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo	Olagarc Rúiseach é Alexander Ponomarenko agus is é Cathaoirleach Bhord Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo é. Tá dlúthnaisc ag an Alexander Ponomarenko le holagarcaí eile atá bainteach le Vladimir Putin, agus le Sergey Aksyonov, ceannaire “Poblacht na Crimé”, mar a thugtar air, ar chríoch Leithinis na Crimé a rinneadh a iongabháil go neamhdhleathach. Bhí baint aige le maoiniú ionad an pháláis gar do Gelendzhik, a mheastar a bheith á úsáid go pearsanta ag an Uachtarán Putin. Dá bhrí sin, thug sé tacaíocht ábhartha nó airgeadais go gníomhach do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as nasc-ghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
685.	Modest Alexeyevich KOLEROV (Модест Алексеевич КОЛЕРОВ)	Dáta breithe: 12.4.1963 Áit bhreithe: Kimovsk, Russia Feidhm: Comhbhunaitheoir agus príomheagarthóir na tairsí REGNUM, a dhéanann sainchúram don limistéar iar- Shóivéadach. D'oibrigh sé i Riarachán na hUachtaránachta ó 2005 go 2007. Inscne: Fireann	Is comhbhunaitheoir agus príomheagarthóir ar thairseach REGNUM é Modest Kolerov, a d'úsáid sé chun insintí bolscaireachta foghacha agus claonta i gcoinne na hÚcráine a scaipeadh, agus chun meon dearfach i leith ionghabháil na Crimé agus ghníomhaíochtaí na scarúnaithe in Donbas a chur chun cinn. Is minic a léirigh sé an Úcráin mar thír fhaisisteach nó tír nua-Naitsíoch, agus puipéad a bhí ar son an Iarthair. Dúirt sé gur chruthaigh Lenin agus Stalin an Úcráin go bréagach. De réir a chuid foilseachán, tá an Úcráin faoi chomaoin ag an Rúis dá neamhspleáchas agus, dá bhrí sin, níl sé de cheart aici a bheith ina stát ceannasach. Mhol sé freisin gur cheart don Rúis deireadh a chur le tír na hÚcráine. Ina theannta sin, mhol sé an Úcráin a roinnt idir a comharsana agus bhagair sé go mbeadh an Úcráin neamhspleách ina bagairt don Rúis. Thacaigh sé go gníomhach le haitheantas a thabhairt do 'Daon-Phoblacht Donetsk' agus 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a thugtar orthu, agus do ghníomhaíochtaí Rúiseacha breise i bhfabhar na scarúnaithe in Oirthear na hÚcráine. Bhréagnaigh sé fianaise de thacaíocht mhíleata Rúiseach do na scarúnaithe, agus léirigh sé misean ESCE in Oirthear na hÚcráine, mar mhisean a bhí claonta agus faoi réir Chív.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin, agus as na gníomhaíochtaí ó na beartais sin a chur chun feidhme, agus as bac a chur ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
686.	Roman Georgievich BABAYAN (Роман Георгиевич БАБАЯН)	Dáta breithe: 7.12.1967 Áit bhreithe: Baku, Azerbaijan Feidhm: Iriseoir, láithreoir an chlár teilifíse ‘Own Truth’ ar chainéal NTV agus ‘Right of Voice’ ar TV Cent. Is é príomheagarthóir raidió ‘Moscow Speaks’ é freisin. Tá sé ina bhall de Moscow City Duma freisin. Inscne: Fireann	Is iriseoir é Roman Babayan ar comhalta é de Moscow City Duma. Déanann sé an clár teilifíse ‘Own Truth’ ar chainéal NTV agus ‘Right of Voice’ ar TV Cent a óstáil. Is príomheagarthóir é freisin ar raidió ‘Moscow Speaks’. Tá bolscaireacht frith-Úcráine scaipthe aige agus chuir sé dearcadh dearfach chun cinn maidir le gníomhaíochtaí scarúnaithe in Donbas. Le linn agallaimh a thug sé ar Ukraina.ru dúirt sé go soiléir gurbh fhearr le gach cónaitheoir in Donbas dul isteach sa Rúis, agus cheistigh sé ceart na hÚcráine chun a críoch féin. Ina theannta sin, chuir sé i leith údaráis na hÚcráine go raibh géarleanúint bunaithe ar náisiúntacht ar siúl acu in Donbas agus cinédhíothú de facto, agus dúirt sé gur mharaigh muintir na hÚcráine leanaí agus daoine scothaosta in Donbas. Thacaigh sé freisin le dearcadh na Rúise ar ‘réimeas faisisteacha’ san Úcráin. Chun é sin a dhéanamh, chuir sé taifead gan choinne i láthair le saighdiúirí a raibh comhartha cabhlaigh Ghearmánach na Naitsithe orthu, agus rinne sé cur síos orthu mar Úcránaigh. Dá bhrí sin, tá sé freagrach go gníomhach as tacú le gníomhaíochtaí nó as beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	+

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Rialacháin seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
